Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7017/22**

**ENT 29**
**MI 177**
**COMPET 143**
**ENV 201**
**TRANS 132**
**IND 63**
**DELACT 39**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 5740/22 + ADD 1 - C(2022) 0395 final |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) …/... ón gCoimisiún an 26.1.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena dtaifeadán sonraí teagmhais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin<br>- Rún gan cur i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 26 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagail 4(6) agus 6(6) de Rialachán (AE) 2019/2144 (Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí)[1].

[1] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus le cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

2. Leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí, tugtar sainordú go bhfeisteofar mótarfheithiclí i gcatagóirí M1 agus N1 le taifeadáin sonraí teagmhais (EDR) ón 6 Iúil 2022 i gcás cineálacha nua feithiclí agus ón 7 Iúil 2024 i gcás gach feithicle nua.

3. Na nósanna imeachta tástála agus na ceanglais theicniúla mhionsonraithe maidir le cineálcheadú cineálacha feithiclí i ndáil le taifeadáin sonraí teagmhais, tá siad faoi réir fhorálacha Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiúin Aontaithe[2]. Ba cheart an Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe a chur le liosta na gceanglas is infheidhme dá dtagraítear in Airteagail 4(5) agus 5(3) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Feithiclí.

4. Bhí go dtí an 2 Márta 2022 ag na toscaireachtaí chun agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe. Faoin spriocdháta sin, rinne aon toscaireacht amháin agóid i gcoinne an ghnímh agus níor thug aon toscaireacht aon bharúlacha ina leith.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> a mholadh <u>don Chomhairle</u> a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréachtrialacháin tharmligthe, mar a leagtar amach in 5740/22 + ADD 1 é.

---

[2] *UN Regulation No 160 – Uniform provisions concerning the approval of motor vehicles with regard to the Event Data Recorder* [Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le mótarfheithiclí a cheadú i ndáil leis an taifeadán sonraí teagmhais] (IO L 221, 21.6.2021, lch. 15);
*UN Regulation No 160 – Uniform provisions concerning the approval of motor vehicles with regard to the Event Data Recorder [2021/1215] 01 series of amendments* [Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí i ndáil le sraith leasuithe 01 a bhaineann leis an taifeadán sonraí teagmhais [2021/1215]
(IO L 265, 26.7.2021, lch. 3).